



L. H.

H. M. 27.











LAURISTON CASTLE  
LIBRARY ACCESSION

Shannon Revue Celtique  
Tome XX. Paris 1899.

## CAIRPRE CINDCHAIT AND THE ATHACH TUATHA

---

The following is the text of this tract as contained in one of the older Edinburgh MSS. (n° XXVIII, Kilbride 24), which was for some time missing but has been happily recovered of late. This version is differently arranged from those in the Book of Ballymote (fol. 255) and the Book of Lismore (fol. 142; cf. Anecdota Oxon. part. 5, p. xxxvii), but the details of the story are the same. Immediately following on this text in the MS. is a very ancient version of the « Lamentations of Oilioll Oluim », which does not appear to be found elsewhere.

[Page 9]

1. Rígh arnaidh uramhanda edrochair da gab rígh nErend ar eigin, 7 isamlaidh' ro bai [in] rígh-sin ac moradh cacha h-uile 7 ac træthadh cacha mathasa, 7 ní raibhe ith na blicht, na mes na muirtoradh, na íasg ar indberaib, na mes ar mor-cailltib, na turcairthe dílsi di muir, na frithe da thír a ré in rígh-sin, dar bo combainm Cairpri Cindchaid mac Dubthaigh, 7 ní raibhe daennacht na deadh-aithne isin rígh-sin, 7 'ro b'olc um tedaib 7 um indmasaib 7 um cach ní fa du dha rígh. Do tindlucadh 7 do celedh cach moradh toradh fair, uair ní bidh acht æn graine a cend cacha cuislinde 7 æn derca a mullach cacha darach.

2. Isamlaidh do bí in Cairpri sin 7 srub cait fair 7 findfadh cait fair .i. as a ghub, 7 go madh da bunadhas fher Donnand do-son .i. Cairpri Cind chait, mac Dubtaig mic Thothreachta mic Lughair mic Oililla mic Maghach mic Guill mic Cotalta mic Irguill mic Dubtaigh mic Fiachach mic Fergusa Dedada

*mic Deirg mic Dolair do bunadhus fer nDomnand, amail asbert in file.*

In *mic* sin fo theachta dhe  
*mac* Dubhtaigh mic Thothrechthe,  
*mic* Lughair go n-ilar n-dath,  
*mic* Oililla mic Magach.

*Mic* Guill *mic* Cotalta uair,  
*mic* Irguill, fa fear co m-buaidh,  
*mic* Dubtaig *mic* Fiachach de,  
do cosnadh a comairce.

*Mic Fergus* Dedaigh na cland,  
*mic Deirg mic Dolair* na rand,  
sin a bhunadhus anall  
do genelach fher nDomnand.

No *mac* Dubtaigh *mic* Rubha ruaidh *mic* Dubcon uairidh-  
naigh *mic* Taid tedmandaigh *mic* Luighne laighidh *mic* Orse-  
clondaigh *mic* Ernuilb *mic* ri Lochlann, 7 is é in t-Erndolb sin  
da dechaigh le Labraidh loingsech *mac* Oililla aini go brui-  
dhen Tuama Tenbha, conad é sin ro marb Cobthach Cælbredh  
*mac* Ugaine moir, airdrigh Eirend. Comadh on Ernolb sin  
dogeindis Athach Tuatha Eirend 7 is iad an anma .i.

Seinraighe	Greagraighe(?)	Grandraighe	Dal mac con
Rathraighe	Greagraighe	Cairighe	Dal didail
Bendraighe	Mendraighe	Glasraighe	Dal mathrach
Tradraighe	Clilraighe	Bibhraighe	Dal muighe
Crotraighe	Bodhraighe	Bolgraidhe	Dal hua corp
Brudhraighe	Bladhraighe	Corco ainge	Dal mbernadh
Sodhraighe	Lughraighe	Corco dedha	Dal n-aidhne
Rochraighe	Corcoighe	Corco muighe	Dal muighaidhe
Caraighe	Lusfraighe	[Corco] teilgind	Dal murcon
Gabraighe	Conraighe	Corco bil	Dal nuiste <sup>1</sup>
Uaraighe	Fedhraighe	Corco milce	
Mendraighe			

1. These four columns correspond to four lines of the MS.; the arrangement here adopted will facilitate reference to the lists in other versions of the text. So also with the list further on.



Is o na Athach Tuathaibh so da fheas dair-cis fodhnama for feraib Eirend .i. na feranda ara mbidis 7 dia fodhnaidis rucsadan særclanda Eirend uatha iad 7 do lean an dær-cis sin na feranda dia n-eis, uair ad særa fir Erend uile acht iadsin amain.

3. Ro fhas fodhordh mor ac Athach Tuathaib Erend in aimsir tri righ Erend .i. Fiacha Findaladh mac Feradaig Find-Fechtnaig 7 Fræch<sup>r</sup> mac Fidhaigh 7 Bresal mac Feirb. Badar tri toisigh ag Athach Tuathaib Erend in inbaidh sin, 7 is iadsin fa cuid comairle doib .i. Munach 7 Buan 7 Cairpri Cind chait mac Dubtaigh 7 is é dono C. c. c. fa cend doib-sin; 7 do ronsad an triur-sin comairle .i. Athaigh Erend do beith do reir na tri righ sin 7 fa hí imorro comairle nan Athach fein fledh mor-cain mor-adhbal do targadh 7 do tinol da tigernaib 7 a marbadh iartain. Badar dono Athaigh Eirend co cend tri bliadhna ac teacar 7 ac tinol na fleidhe sin .i. a trian toradh gacha bliadhna do tinol co Cruachain Raith Conacht, cumbo h-indte do ronadh in fleadh sin; 7 in tan ro b'urrlam hi, da tinoladar fir Eirend as gach aird da caitheamh. Badar co cend .ix. naidh[ch]e ac feis 7 ac totcaitheamh na fleidhi sin, gur ba measc medharchain iad, 7 tangadar E. t. t. (= Athach Tuatha) Eirend chuire, gor marbadh leo sær-clanda Eirend uili do-neoch dar dual rige no flaithumanas, genmotha na tri mic badar a mbrondaib a mathreach.

4. A h-aithle in air adbail-moir sin focresadh comhairli [page 10] ac Ethach Tuathaib Erend .i. righe do tabairt do C. c. c. 7 do ordaigh C. c. c. fearanda airithi doib .i.

Tuatha Luighne	for Breaghaib, 7
Tuatha Ethachdha	for Comhair Cluana h-Iraird, 7
T. mac n-Greaga	for aib Fælain, 7
T. Gailian	for Laighnib, 7
T. Brecreaighe	for Osraighe, 7
T. Fidha	for aib Ceindsealaigh, 7
T. Sheimainde	for na Deisibh, 7
T. Treitherne	for Muscraighe Breoghain 7 for Eoganacht Caisil, 7
T. mac n-Erechon	for feraib Muighe, 7
T. Cairidha	for aib Liathain, 7
T. Bendraighe	for aib Echach Mumhain, 7

1. *leg.* Fiacc, as the name is given lower down.



T. Bibráighe	for Corco Laidhe, 7
T. Asdach	for Iarthar Mumhan, 7
T. Eamraighe	for Mumhan, 7
T. <i>hna</i> Cathbarr 7 <i>hna</i> Carra	for aib Fiachrach Aidhne, 7
T. Cruithnechain	for Cruachain, 7
T. Gabraighe	for meadhon Conacht, 7
T. Concubairn	for aib Briun, 7
T. fher Ruisen	for feraib Ceara, 7
T. Donnall	for Umall, 7
T. Rois	for feraib Amalgadha, 7 feraib Fiachrach, 7
T. Gregraidhe	for Luighne, 7
Dairsi braid shleibhe(?)	for Tir Oililla, 7
T. Bolgraighe 7 clain Deguail	for Cenel Conaill, 7
T. Eolaírg	for Tir Eoghain, 7
T. Tartáisi 7	for Ulltaib, 7
T. Eamhloirge	
T. Cruadhluinde	for aib Echach coba, 7
T. Temáinde	for Oirgiallaib, 7
T. Mochthuinde	for Muigh Macha, 7
T. Uindsinde	for aib Conaill Muirteimne, 7
T. Macraighe	for Magh Slecht, 7
Condraighe	for Sliab Breagh.

ET NI HIAT(?) na Echach Tuatha do ordaidh C. c. c. ataid forro o sin amuigh, ET da foirbredar na sær-clanda forro 7 rucsad a feranda uaithibh 7 da len dær-cisa feraind a sær-clanda, daigh ad særa fir Eirend uili acht na Athach Tuatha a dub-ramar romhaind.

5. Imthusa na tri mic badar a mbroindib a mathar, — ar badar caraíd do tri righaib Eirend .i. righ Bretan, righ Sacsan, righ Alban. Ba cara ceados do Fhiachaidh findoladh .i. Luath mac Deireine, righ Cruithend-tuaithe. Baine ingean Sgail bailb, righ Fomhoire, bean Luath. Dobert dono in Luath<sup>1</sup> do Fhiachaidh Findoladh. Ba cara dono Fiacc [mac] Fidhaigh caich, righ Muman, do Gortnidd righ Breatan. Beart a inghean-side, .i. Cruibe, mac do Fiacc, .i. Corp Ulum a ainm-side. Ba cara dono Bres mac Feirb, righ Uladh, do Coindidhil righ Sacsan.

1. sic; the correct reading is perhaps Do bert dono ingen Luath mac do Fhiachaidh Findoladh .i. Feradach Findfechtnach à ainm-side.

Beart dono a ingean-side .i. Ane, mac do Bres mac Feirb righ Uladh .i. Tipraide Tírech a ainm-side.

6. Ni tardadh iarom in talam a toradh do na Athach Tuathaib iarsan inghail do ronsad for sár-clandaib Eirend 7 bai gorto mor la firu Eirinn eter indbero 7 fhedha 7 ith 7 blicht. Ro feasa iarum na comarba Eirenn a n-Albain .i. Feradhach Findfechtach 7 Corp Uluim 7 Tipraidhe Tírech. Tiaghar imorro ar a cend dia fresdal 7 dia righadh, 7 do berta ratha nime 7 talmain 7 greine 7 esga 7 na n-uili dul friu o na Athach Tuathaib um beith fodhnamach doib dia reir fein, gen bhes muir um Eirenn. Gabas iarum cach diib in a feraind .i. Tipraide in airthear Eirend 7 Feradhach Findfachtnach a meadhon Eirend .i. a Teamair Breg; Corb Uluim in a deiscirt tes; conadh uathaib do genidar tri sár-clanda Eirenn doridhise .i. Cond, Eoghan, Araidhe: Cond o Feradhach, 7 Eoganacht uili o Corp Uluim, F. Fiacha Araidhe o Tipraide Tírech. Ata(?) is dosin do can in fili:

Sár clanda Eirenn uili  
do marbta la h-æn duiñe  
*acht* na tri mic, monar ngle,  
adrulladar o Cairpri.

Torrach adrulladar sair  
a maithreacha na mac-sain,  
gonadh and ructa is tir tair  
iar tiachtain doib a nAlbain.

W. A. CRAIGIE.

# MÉLANGES

---

## I.

### LE BRITTONIQUE EN SOMERSET.

Il n'y a d'autres documents en dehors des noms de lieux et des écrits de Bède, qui puissent nous renseigner sur la question de la disparition du brittonique du v<sup>e</sup> au viii<sup>e</sup> siècle dans les pays occupés et assimilés par les Anglo-Saxons en Grande-Bretagne, que les chartes anglo-saxonnes. Malheureusement, elles ne commencent qu'avec le vii<sup>e</sup> siècle, c'est-à-dire à une époque où, en dehors du Wessex, la conquête avait vraisemblablement produit tous ses effets. Pour la plus grande partie de l'ouest, en dehors de la Cornouaille et du pays de Galles, au viii<sup>e</sup> siècle, les délimitations de terres en anglo-saxon montrent bien que la langue dominante, peut-être même la seule en usage, est l'anglo-saxon. On n'a de traces de l'ancienne langue, semble-t-il, que dans certains termes comme *cumb*, et des noms de lieu, de rivière comme *avon*. En étudiant ces documents de plus près, on s'aperçoit qu'ils pourraient bien nous fournir un bon nombre de termes qui n'ont été conservés, figés, que parce que les conquérants se sont abusés sur leur vraie signification. En voici un exemple curieux. On lit dans une charte de l'an 682 concernant un don du roi Centwini, à Hamegils, abbé de Glanstonbury :

... et tres cassatos in australi parte amnis Tan ad insulam juxta callem qui dicitur britannica lingua *Cructan*, apud nos *Crycbeorb*.

















